AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
[…](2021) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1408/2013 agus (AE) Uimh. 717/2014 a mhéid a bhaineann lena n-oiriúnú chun go gcuirfear san áireamh forálacha an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1408/2013 agus (AE) Uimh. 717/2014 a mhéid a bhaineann lena n-oiriúnú chun go gcuirfear san áireamh forálacha an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/1588 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le catagóirí áirithe Státchabhrach cothrománaí[1], agus go háirithe Airteagal 2(1) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Státchabhair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 ón gCoimisiún[2], leagtar amach uasmhéideanna carnacha na cabhrach *de minimis* a dheonaítear de réir an Bhallstáit i leith gnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil na dtáirgí talmhaíochta le linn aon tréimhse trí bliana fioscacha dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus Airteagal 3(3a) den Rialachán sin faoi seach.

(2) Leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún[3], leagtar amach uasmhéideanna carnacha na cabhrach *de minimis* a dheonaítear de réir an Bhallstáit i leith gnóthais atá i mbun gníomhaíochtaí in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe le linn aon tréimhse trí bliana fioscacha dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Rialachán sin.

(3) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[4] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), comhaontú a bhfuil an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ina chuid dhílis de, is comhaontú é a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

---

[1] IO L 248, 24.9.2015, lch. 1.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair *de minimis* san earnáil talmhaíochta (IO L 352, 24.12.2013, lch. 9).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún 27 Meitheamh 2014 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair *de minimis* in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe (IO L 190, 28.6.2014, lch. 45).

[4] IO C 384I, 12.11.2019.

(4) Le hAirteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, déantar foráil maidir le hidirthréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2020, an dáta nach bhfuil feidhm ag dlí an Aontais a thuilleadh maidir leis an Ríocht Aontaithe ina dhiaidh.

(5) Mar sin féin, le hAirteagal 10 den Phrótacal, foráiltear go mbeidh feidhm ag forálacha áirithe de dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an bPrótacal sin i ndáil le bearta a dhéanann difear do thrádáil na dtáirgí talmhaíochta idir Tuaisceart Éireann agus an tAontas.

(6) I measc na bhforálacha sin, liostaítear Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 717/2014.

(7) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus an Phrótacail, uasmhéideanna carnacha na Ríochta Aontaithe ina hiomláine faoi mar a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialacháin (AE) Uimh. 1408/2013 agus (AE) Uimh. 717/2014, is uasmhéideanna iad ar gá gan ach méideanna comhfhreagracha Thuaisceart Éireann a chur ina n-ionad.

(8) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú, an modh ríofa a úsáideadh le haghaidh na mBallstát tráth a bunaíodh na hIarscríbhinní sin, is ar bonn an mhodha ríofa chéanna ba cheart na huasmhéideanna carnacha a ríomh le haghaidh Thuaisceart Éireann.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) Uimh. 1408/2013 agus (AE) Uimh. 717/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013*

Is mar a leanas a leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(b):

'(b) cabhair do ghníomhaíochtaí a bhaineann le honnmhairiú chuig tríú tíortha nó Ballstáit*, eadhon cabhair a bhaineann go díreach le cainníochtaí a onnmhairítear, le bunú agus le hoibriú líonra dáileacháin, nó le caiteachas reatha nach é ar ghníomhaíocht onnmhairiúcháin;

* Tá feidhm fós ag forálacha áirithe de dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe, forálacha a bhaineann le Státchabhair i ndáil le bearta a dhéanann difear don trádáil idir Tuaisceart Éireann agus an tAontas, rud atá i gcomhréir le hAirteagal 10 agus le hIarscríbhinn 5 den Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO C 384I, 12.11.2019), agus ó tharla sin amhlaidh, aon tagairt do Bhallstát sa Rialachán seo, is tagairt í a fhorléireofar mar thagairt do Bhallstát nó don Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le Tuaisceart Éireann'

(2) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sraithe ina leagtar amach uasmhéid carnach chabhair *de minimis* na Ríochta Aontaithe:

'An Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le Tuaisceart Éireann 29 741 417';

(3) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sraithe ina leagtar amach uasmhéid carnach chabhair *de minimis* na Ríochta Aontaithe:

'An Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le Tuaisceart Éireann 35 689 700.'

*Airteagal 2*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 717/2014*

Is mar a leanas a leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 717/2014:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(b):

'(b) cabhair do ghníomhaíochtaí a bhaineann le honnmhairiú chuig tríú tíortha nó Ballstáit*, eadhon cabhair a bhaineann go díreach le cainníochtaí a onnmhairítear, le bunú agus le hoibriú líonra dáileacháin, nó le caiteachas reatha nach é ar ghníomhaíocht onnmhairiúcháin;

* Tá feidhm fós ag forálacha áirithe de dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe, forálacha a bhaineann le Státchabhair i ndáil le bearta a dhéanann difear don trádáil idir Tuaisceart Éireann agus an tAontas, rud atá i gcomhréir le hAirteagal 10 agus le hIarscríbhinn 5 den Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO C 384I, 12.11.2019), agus ó tharla sin amhlaidh, aon tagairt do Bhallstát sa Rialachán seo, is tagairt í a fhorléireofar mar thagairt do Bhallstát nó don Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le Tuaisceart Éireann'

(2) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sraithe ina leagtar amach uasmhéid carnach chabhair *de minimis* na Ríochta Aontaithe:

'An Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le Tuaisceart Éireann 2 956 390'.

*Airteagal 3*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*[…]*
*Ursula VON DER LEYEN*